



Cás C-211/24

LEGO A/S

v

Pozitív Energiaforrás Kft

(iarraidh ar réamhrialú ón Fővárosi Törvényszék)

Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 4 Meán Fómhair 2025

(Tarchur chun réamhrialú – Dearadh comhphobail – Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 – Airteagal 8(3) – Dearadh lena gceadaítear táirgí so-chómhálartaithe a chur le chéile nó a cheangal le chéile go hiolrach laistigh de chóras modúlach – Raon feidhme na cosanta a thugtar le dearadh den sórt sin – Airteagal 10 – An coincheap ‘úsáideoir eolach’ – Airteagal 89(1) – Smachtbhannaí i gcaingne um shárú – Cúiseanna speisialta lena gcuirtear ar chumas na cúirte náisiúnta gan na horduithe dá bhforáiltear san fhoráil sin a dhéanamh – Sárú maidir leis na gnéithe de bhréagán tógála, ag a bhfuil líon beag díobh i gcomparáid le líon iomlán chomhpháirteanna uile an chluiche sin)

1. *Dearaí an Aontais Eorpaigh – Ceanglais cosanta – Dearadh idirnascadh – Raon feidhme cosanta – Dearaí nach músclaíonn braistint fhoriomlán éagsúil san úsáideoir – Úsáideoir eolach – Coincheap*
(Rialachán Uimh. 6/2002 ón gComhairle, Airteagail 8(3) agus 10(1))

(féach míreanna 45-50, 58, cuid oibríochtúil 1)

2. *Dearaí an Aontais Eorpaigh – Ceanglais cosanta – Dearadh idirnascadh – Raon feidhme cosanta – Dearaí nach músclaíonn braistint fhoriomlán éagsúil san úsáideoir – Critéir mheasúnaithe – Saoirse an dearthóra*
(Rialachán Uimh. 6/2002 ón gComhairle, Airteagail 8(3) agus 10((2))

(féach míreanna 51-54)

3. *Dearaí an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí um shárú – Pionóis – Eisceacht – Cúiseanna sonracha a bheith ann – Coincheap – Sárú a bhaineann le roinnt gnéithe den chóras modúlach amháin – Eisiámh*
(Rialachán Uimh. 6/2002 ón gComhairle, Airteagal 89(1))

(féach míreanna 61 go 67, cuid oibríochtúil 2)

Résumé

Ar iarraidh ar réamhrialú, soiléiríonn an chúirt an coincheap ‘úsáideoir eolach’ i gcomhthéacs dearáí lena gceadaítear táirgí so-chómhálartaithe a chur le chéile nó a cheangal le chéile go hiolrach laistigh de chóras modúlach a chosaint.¹ Ina theannta sin, soiléirítear raon feidhme na coincheapa ‘cúiseanna speisialta’ lena gceadaítear do dhearadh Comhphobail gan ordú a dhéanamh maidir le caingean um shárú nó um shárú arna bhagairt.²

Tá dhá dhearadh Comhphobail ag Lego A/S, a bhaineann le comhpháirt mhodúlach agus comhpháirt idirnasctha de bhréagán tógála. D’fhéach Pozitív Energiaforrás Kft. le bréagán tógála ina raibh gnéithe plaisteacha modúlacha a allmhairiú isteach san Ungáir, faoi thrádmharc eile. Tar éis gearán a rinne Lego, d’ordaigh Nemzeti Adó- és Vámhivatal Veszprém Megyei Adó- és Vámigazgatósága (Stiúrthóireacht Cánach agus Custaim Veszprém, faoin Riarachán Náisiúnta Cánach agus Custaim, an Ungáir) na bréagán sin a urghabháil agus thionscain sé imeachtaí sáraithe i gcoinne Pozitív Energiaforrás ar an mbonn go raibh amhras ann go raibh sárú déanta ar chearta maoinne intleachtúla Lego.

In 2022, thug Lego iarratas os comhair an Fővárosi Törvényszék (Ard-Chúirt Bhúdaipeist, an Ungáir) ar bheart eatramhach chun an urghabháil sin a choinneáil ar bun. Diúltaíodh don iarratas sin, ar an bhforas, *inter alia*, gur músclaíodh braistint fhoriomlán éagsúil leis na dearáí atá i gceist san úsáideoir eolach, sa mhéid is gur fhéach an t-úsáideoir eolach ar na dearáí sin le súil an-airdeallach maidir leis na mionsonraí. Mar sin féin, d’ordaigh an Fővárosi Ítéltábla (Cúirt Achomhairc Réigiúnach Bhúdaipeist, an Ungáir), agus í ag rialú ar achomharc, go ndéanfaí na bréagáin atá i gceist a urghabháil, agus í den tuairim nár músclaíodh braistint fhoriomlán éagsúil le dearáí Lego san úsáideoir eolach i gcomparáid leis an mbraistint fhoriomlán arna mhúscailt leis na gnéithe lena mbaineann. Sheas an Kúria (an Chúirt Uachtarach, an Ungáir) leis an gcinneadh sin.

Ina dhiaidh sin, thug Lego caingean um shárú os comhair Ard-Chúirt Bhúdaipeist i gcoinne Pozitív Energiaforrás. Chinn an chúirt sin bac a chur ar na himeachtaí agus tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú agus amhras uirthi maidir le léiriú an choincheapa ‘úsáideoir eolach’ de réir bhrí Airteagal 10 de Rialachán Uimh. 6/2002 i gcomhthéacs Airteagal 8(3) den Rialachán sin, agus maidir leis an gcoincheap ‘cúiseanna speisialta’ de réir bhrí Airteagal 89(1) den Rialachán sin.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

Sa chéad áit, meabhraíonn an Chúirt gur léir ó Airteagal 10 de Rialachán Uimh. 6/2002 go mbaineann an chosaint a thugtar le dearadh Comhphobail le haon dearadh nach músclaíonn ‘braistint fhoriomlán éagsúil’ san ‘úsáideoir eolach’, agus nach mór measúnú a dhéanamh ar raon feidhme na cosanta trí ‘an tsaoirse a bhí ag an dearthóir agus an táirge á dhearadh aige’ a chur san áireamh. Tá feidhm ag an bhforáil sin freisin i gcás ina dtionscnóidh sealbhóir dearáí Comhphobail dá dtagraítear in Airteagal 8(3) den Rialachán sin, ar foráil í atá dírithe go sonrach ar chórais mhodúlacha, lena n-áirítear bréagán tógála, caingean um shárú i gcoinne tríú páirtí chun cosc a chur ar an tríú páirtí sin úsáid a bhaint as dearáí nach músclaíonn braistint fhoriomlán éagsúil san úsáideoir eolach.

¹ De réir bhrí Airteagal 8(3) agus Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle an 12 Nollaig 2001 maidir le dearáí Comhphobail (IO 2002 L 3, lch 1).

² De réir bhrí Airteagal 89(1) de Rialachán Uimh. 6/2002.

I ndáil leis sin, tugann an Chúirt dá haire, ar an gcéad dul síos, gurb é atá sa choincheap ‘braistint fhoriomlán’, dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán Uimh. 6/2002, agus dá dtagraítear in Airteagal 6 den Rialachán sin, dá dtagraítear go sainráite in Airteagal 8(3) de, amharc-tuiscint an úsáideora eolaigh ar chuma an táirge atá i gceist a thugtar, go háirithe, leis na saintréithe a liostaítear in Airteagal 3(a) den Rialachán sin.

Ar an dara dul síos, tugann an Chúirt faoi deara go dtagraíonn an coincheap ‘úsáideoir eolach’ d’úsáideoir a bhfuil eolas áirithe aige, gan é a bheith ina dhearthóir ná ina shaineolaí teicniúil, ar dhearaí éagsúla atá ann san earnáil lena mbaineann, a bhfuil méid áirithe eolais aige maidir leis na gnéithe a áirítear sna dearaí sin de ghnáth agus, mar gheall ar an spéis atá aige sna táirgí lena mbaineann, a léiríonn leibhéal réasúnta ard airde agus é á n-úsáid. Thairis sin, cuireann sí in iúl nach bhfuil aon rud le léiriú nach mór an coincheap sin a léiriú ar bhealach éagsúil i gcás ina dtagann an chosaint a thugtar le dearadh Comhphobail faoi raon feidhme Airteagal 8(3) de Rialachán Uimh. 6/2002. Cé gur dócha go n-athróidh leibhéal airde úsáideora de réir na hearnála lena mbaineann, lena n-áirítear i gcás dearaí a chumhdaítear leis an bhforáil sin, ní gá dearcadh úsáideora ar speisialtóir san earnáil lena mbaineann é a chur san áireamh ná a mheas gur cheart an bhraistint fhoriomlán a mhúsclaítear ann a bheith mar thoradh ar thuairim theicniúil den chuid is mó.

Ar an tríú dul síos, maidir leis ‘an tsaoirse a bhí ag an dearthóir agus an táirge á dheardh aige’, nach mór a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar raon feidhme na cosanta a thugtar le dearadh, tugann an Chúirt dá haire, i gcás ina bhfuil srian ar an tsaoirse mar gheall ar líon ard gnéithe de chuma an táirge nó na coda den táirge atá i gceist nach bhfuil ach de réir a fheidhme teicniúla amháin, go bhféadfadh sé gur leor miondifríochtaí a bheith ann idir na dearaí atá i gceist chun braistint fhoriomlán éagsúil a mhúscailt san úsáideoir eolach. Cé go bhfuil feidhm ag an léiriú sin ar an gcoincheap ‘an tsaoirse a bhí ag an dearthóir’ i gcás imeachtaí um shárú arna dtionscnamh ag sealbhóir dearaí Comhphobail a thagann faoi Airteagal 8(3) de Rialachán Uimh. 6/2002, ní mór éifeacht phraiticiúil na forála sin a áirithiú trí na gnéithe cuma lena gceadaítear idirnascadh a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an ‘[m]braistint fhoriomlán’ dá dtagraítear in Airteagal 10 den Rialachán sin. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh láithreach comhpháirteanna idirnasctha a chosnaítear le hAirteagal 8(3) den Rialachán sin sa dearadh Comhphobail lena mbaineann dul i ngleic le léiriú braistint fhoriomlán éagsúil a bheith ann, agus mar thoradh air sin, in éagmais difríochtaí atá suntasach go leor i gcuma fhoriomlán na ndearaí atá i gceist, d’fhéadfadh pointí nasctha a bhfuil an cruth céanna agus na toisí céanna acu bac a chur ar chinneadh den sórt sin.

I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, tagann an Chúirt ar an gconclúid nach mór measúnú a dhéanamh ar raon feidhme cosanta dearaí faoi Airteagal 8(3) de Rialachán Uimh. 6/2002 trí thagairt a dhéanamh don bhraistint fhoriomlán a mhúsclaítear leis an dearadh sin san úsáideoir eolach a bhfuil cur amach aige, gan bheith ina dhearthóir ná ina shaineolaí teicniúil, ar dhearaí éagsúla atá san earnáil lena mbaineann, a bhfuil leibhéal áirithe eolais aige maidir leis na gnéithe a bhíonn sna dearaí sin de ghnáth agus, mar gheall ar an spéis atá aige sna táirgí lena mbaineann, a thaispeánann leibhéal réasúnta ard airde nuair a úsáideann sé iad mar chomhpháirteanna den chóras modúlach ar cuid de iad agus ní ar úsáideoir a bhfuil an t-eolas teicniúil aige atá comhchosúil leis an eolas teicniúil a bhféadfaí a bheith ag súil leis ó shaineolaí, a scrúdaíonn an dearadh lena mbaineann go mion agus a bhfuil a braistint fhoriomlán bunaithe go príomha ar chúinsí teicniúla.

Sa dara háit, measann an Chúirt nach mór an coincheap ‘cúiseanna speisialta’ de réir bhrí Airteagal 89(1) de Rialachán Uimh. 6/2002, lena gceadaítear do chúirt um dhearaí an Chomhphobail gan ceann amháin nó níos mó de na horduithe dá dtagraítear san fhoráil sin a dhéanamh, a léiriú go haonfhoirmeach agus go docht i ndlíchóras an Aontais. Ní chumhdaítear leis an gcoincheap sin ach cásanna eisceachtúla nach gceanglaítear ar an gcúirt um dhearaí an Chomhphobail, i bhfianaise shaintréithe sonracha an iompair a líomhnaítear i gcoinne tríú páirtí, ordú a dhéanamh lena gcuirtear toirmeasc ar an tríú páirtí sin gníomhartha den sórt sin a shaothrú. Ní thagann an fíoras nach mbaineann sárú ach le gnéithe áirithe de chóras modúlach, ag a bhfuil líon beag díobh i gcomparáid le líon iomlán chomhpháirteanna uile an chórais sin, faoin gcoincheap sin.